An Chéad Eagrán 2017
© Darach Ó Scolaí 2017

ISBN 978-1-911363-11-8

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan

Is ar an leabhar seo a dámhadh
Duais Chuimhneacháin Aodáin Mhic Phóilin ag Oireachtas 2017

Foras na Gaeilge
Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht airgid do Leabhar Breac

Tá an t-údar buíoch den Chomhairle Ealaíon as an sparánacht a bhronn siad air agus é i mbun pinn.

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com

Táin Bó Cuailnge

RÉAMHSCÉAL

AN COMHRÁ CEANNADHAIRTE

FEACHT N-AON d'Ailill is do Mhéabh, ar dheargadh a ríleapa dóibh i Ráth Cruachan Chonnacht, gur tharla comhrá ceannadhairte eatarthu. 'Is fíor a deirid, a bhean,' arsa Ailill, 'gur maith an bhean bean dea-fhir.'

'Is maith, go deimhin,' arsa Méabh, 'ach cén fáth a ndeir tú sin?'

'Mar gur fearr tusa inniu,' arsa Ailill, 'ná an lá ar thóg mise mar bhean thú.'

'Ba mhaith mise romhat,' arsa Méabh.

'Is maith é sin nár chualamar agus nach bhfacamar,' arsa Ailill, 'ach tú ag brath ar do mhaoin nuachair, agus do naimhde sna críocha ba ghaire duit ag breith slada is creiche uait.'

'Ní mar sin a bhíos-sa,' arsa Méabh, 'ach m'athair Eochaidh Feidhleach ina ardrí ar Éirinn. Seisear iníonacha a bhí aige, Deirbhre, Eithne, Éile, Clothra, Mughain, agus Méabh, agus ba mise ab uaisle agus ab oirirce díobh. Ba mé ab fhearr le féile is le tabhartas, ba mé ab fhearr díobh i gcath is i gcomhrac. Is agam a bhí cúig chéad déag rí-amhas ar deoraíocht, agus an oiread céanna arís de shaorfhir na tíre seo,' ar sí. 'Is chuige sin a thug m'athair cúige de chúigí na hÉireann dom, is é sin Cúige Chruachan, nó Connachta. Agus is dá bharr sin a thugtar Méabh Chruachan orm.

'Tháinig teachtaí ó Fhionn mac Rosa Rua Rí Laighean do m'iarraidhse mar bhean, agus thángadar ó Chairbre Nia Fear mac Rosa Rí Teamhrach, ó Chonchúr mac Fachtna Rí Uladh agus ó Eochaidh mac Luchta, agus ní bhfuaireadar mise mar bhean óir is

mé a d'iarr rud nár iarr aon bhean romham ar fhear d'Fhir Éireann, is é sin fear gan doicheall, gan eagla, gan éad.

'Dá mba doicheallach an fear ag a mbeinnse, níor chóir dúinn a bheith le chéile, óir is maith mise le féile is le tabhartas, agus ba chúis náire do m'fhear mise a bheith níos fearr le féile ná é, ach níorbh aon chúis náire é dá mbeimis araon fial.

'Dá mba eaglach m'fhearsa, níor chóir dúinn a bheith le chéile, óir brisimse cathanna is comhlainn i m'aonar agus ba chúis náire do m'fhear é dá mba chróga a bhean ná é ach ní haon cháineadh dó sinn a bheith araon cróga.

'Dá mba éadmhar m'fhearsa, níor chóir dúinn a bheith le chéile ach an oiread, óir ní raibh mise riamh gan fear ar scáth a chéile agam. Ach fuaireas an fear a bhí uaim, is é sin tusa, Ailill mac Rosa Rua de Laighnigh. Níl tú doicheallach, níl tú eaglach, níl tú éadmhar. Thug mise mar choibhche duit díol dháréag d'éadach, carbad arbh fhiú trí sheacht gcumhal í, leithead d'aghaidhe de dheargór, agus cothrom do rí chlé de chré-umha. Cibé díobháil a dhéanfaí ortsa, ní bheadh d'éiric ná d'eineachlann duit ann ach a bhfuil dlite domsa,' arsa Méabh, 'mar is fear ar choimirce mná thú.'

'Ní hamhlaidh sin a bhíos-sa,' arsa Ailill, 'ach beirt deartháireacha agam, fear díobh ar Theamhair agus fear ar Laighin — is é sin Fionn ar Laighin agus Cairbre ar Theamhair — agus lig mise an ríochas leo de thairbhe a sinsireachta, ach níorbh fhearr le féile ná le tabhartas ceachtar acu ná mise. Níor chualathas dom cúige in Éirinn a bheith mar mhaoin nuachair ach an cúige seo amháin. Thángas, mar sin, agus ghabhas ríochas anseo i gceart mo mháthar, óir ba í Máta Mhuraisce iníon Mhách mo mháthairse, agus cén ríon ab fhearr a bheadh agam ná tusa ós tú iníon Ardrí Éireann.'

'Mar sin féin,' arsa Méabh, 'is mó mo mhaithse ná do mhaithse.'

'Is ionadh liom sin,' arsa Ailill, 'óir ní mó seoid ná maoin ná ollmhaitheas ag aon duine ná mar atá agamsa, agus is maith atá a fhios agam é.'

TUGADH chucu ansin an chuid ba lú luach dá gcuid seod chun go bhfeicfidís cé acu ba mhó seoid is maoin is ollmhaitheas. Tugadh chucu a gcuid meadar is soitheach is leastar, a gcuid mias níocháin is umar is dabhach. Tugadh chucu a gcuid fáinní is faileanna is ordnasc agus a n-órdhuaiseanna is a n-éadaí — idir chorcra is ghorm is dhubh is uaine, idir bhuí is bhreac is lachna, odhar, alabhreac is riabhach.

Tugadh chucu, freisin, a mórthréada caorach as faichí is urlanna is réite. Ríomhadh agus áiríodh iad, agus aithníodh go rabhadar cothrom cóimhéid comhlíonmhar. Má bhí reithe sainiúil arbh fhiú cumhal é ar chaoirigh Mhéibhe, bhí reithe a dhiongbhála ar chaoirigh Ailealla.

Tugadh chucu a n-eachra as féarghoirt is banracha. Bhí each sainiúil ar ghraí Mhéibhe arbh fhiú cumhal é, agus each a dhiongbhála ag Ailill.

Ansin, tugadh chucu a mórthréada muc as coillte is fánghleannta is diamhra. Ríomhadh is áiríodh is aithníodh iad. Bhí torc sainiúil ag Méabh agus torc a dhiongbhála ag Ailill.

Tugadh chucu a dtáinte bó as coillte is as fásaigh an chúige. Ríomhadh is áiríodh is aithníodh iad, agus bhíodar cothrom cóimhéid comhlíonmhar. Ach bhí tarbh sainiúil ar bhólacht Ailealla agus ba lao le bó de chuid Mhéibhe é agus Fionnbheannach a ainm, ach níor mhian leis an mbeithíoch sin go n-áireofaí ar mhaoin mná é agus d'imigh leis go ndeachaigh i measc bhólacht an rí. B'ionann sin do Mhéabh agus a bheith gan aon bhó mar nach raibh tarbh dá mhéid aici féin.

GLAODH an t-eachlach Mac Roth chuig Méabh agus d'fhiafraigh sí de arbh eol dó áit a mbeadh a leithéid siúd de tharbh i gcúigí Éireann.

'Is eol dom, go deimhin,' arsa Mac Roth, 'áit a bhfuil a mhacasamhail sin de tharbh, i gCúige Uladh, i dtríocha céad

Chuailnge, i dteach Dháire mhic Fhachtna. An Donn Cuailnge a ainm.'

'Gabhadh tusa ansin, a Mhic Roth, agus iarr iasacht bliana an Doinn Chuailnge domsa ar Dháire,' arsa Méabh. 'Tabharfar luach a iasachta dó i gceann bliana, is é sin caoga samhaisc agus an Donn Cuailnge féin. Agus beirse coinníoll eile leat, a Mhic Roth, más olc le lucht na críche is an fhearainn an tseoid shainiúil sin, an Donn Cuailnge, a thabhairt uathu, tagadh Dáire féin lena tharbh agus tabharfar cóimhéid a fhearainn féin den chuid is fearr de Mhaigh Aoi dó agus carbad arbh fhiú trí sheacht gcumhal í, agus cairdeas mo shliasta féin ina theannta sin.'

D'imigh na teachtairí go teach Dháire mhic Fhachtna, agus ba é a líon Mac Roth agus naonúr teachtairí. Fearadh fáilte roimh Mhac Roth i dteach Dháire, mar ba chóir, óir ba é Mac Roth príomheachlach Éireann, agus d'fhiafraigh Dáire údar a thurais de. D'inis an t-eachlach fáth a theachta dó, agus d'inis dó faoi sháraíocht Mhéibhe is Ailealla. 'Agus is ag iarraidh iasachta an Doinn Chuailnge in aghaidh an Fhionnbheannaigh a thángas,' ar sé, 'agus gheobhairse luach a iasachta, caoga samhaisc agus an Donn Cuailnge féin. Agus rud eile freisin, tarsa féin le do tharbh agus gheobhair cóimhéid d'fhearainn féin de mhínmhá Aoi, agus carbad trí sheacht gcumhal, agus cairdeas sliasta Mhéibhe ina theannta sin.'

B'iontach le Dáire an ní sin agus bhog sé agus bheartaigh sé nó gur thug uamanna a chuilte faoi. 'Dar fírinne ár gcúise,' ar sé, 'bíodh nár mhaith le hUltaigh é, tabharfar an tseoid seo, an Donn Cuailnge, don chor seo d'Ailill is do Mhéabh i gcríoch Chonnacht.'

Bhí Mac Roth sásta lena ndúirt Dáire. Rinneadh freastal ina dhiaidh sin orthu, leathadh tuí is úrluachair fúthu, tugadh an bia ba chaoine dóibh agus dáileadh leann orthu nó go rabhadar ar bogmheisce agus gur tharla comhrá idir dhá eachlach díobh.

'Is fíor a deirid,' arsa an chéad eachlach, 'gur maith é fear an tí ina bhfuilimid.'

'Is maith, go deimhin,' arsa an duine eile.

'An bhfuil i measc na nUltach fear is fearr ná Dáire?' arsa an chéad eachlach.

'Tá, go deimhin,' arsa an dara heachlach, 'is fearr a rí féin, Conchúr, agus dá mba leis a ghabhfadh na hUltaigh uile, ní cúis náire a bheadh ann dóibh.'

'Is mór an mhaith uaidh an ní ba dhícheall do cheithre ollchúige Éireann a bhreith as críoch Uladh, is é sin an Donn Cuailnge, a thabhairt dúinne, naonúr eachlach.'

'Sceith cró is fola as an mbéal as a dtagann an chaint sin,' arsa an dara heachlach, 'óir mura dtabharfaí dá dheoin é, thógfaí dá ainneoin é.'

Is ansin a tháinig príomhdháileamh Dháire mhic Fhachtna isteach, fear faoi leann aige agus fear faoi bhia, agus chuala sé a ndúradar. Tháinig fearg air, leag sé an bia is an leann rompu agus ní dúirt leo é a chaitheamh ná gan é a chaitheamh. Chuaigh sé as sin sa teach a raibh Dáire mac Fachtna agus dúirt, 'An tusa a thug an tseoid shuaithinseach úd, an Donn Cuailnge, do na heachlaigh?'

'Is mé, go deimhin,' arsa Dáire.

'Ná raibh rath ná séan san áit ar tugadh, óir is fíor a ndeirid, mura de do dheoin a thabharfaí é, go dtógfaí de d'ainneoin é ag sluaite Ailealla is Mhéibhe.'

'Dar na déithe dá n-adhraim, mura dtógfaidh siad de m'ainneoin é, ní thógfaidh siad de mo dheoin é.'

Chaitheadar an oíche mar sin go maidin. D'éirigh na heachlaigh go moch agus chuadar sa teach a raibh Dáire. 'Tugtar fios an bhealaigh dúinn, a uasail,' arsa Mac Roth, 'go dtí an áit a bhfuil an Donn Cuailnge.'

'Go deimhin, ní thabharfar,' arsa Dáire, 'agus dá mba bhéas liomsa feall a dhéanamh ar eachlaigh nó ar lucht taistil slí, ní rachadh duine díbh uaim ina bheatha.'

'Cad chuige sin?' arsa Mac Roth.

'Tá cúis mhaith agam,' arsa Dáire. 'Dúirt sibhse mura dtabharfainn an tarbh de mo dheoin go dtógfaí de m'ainneoin é ag sluaite Ailealla is Mhéibhe.'

'Cibé ní a déarfadh eachlaigh de thoradh do chuidse leanna is bia,' arsa Mac Roth, 'níor cheart aird a thabhairt air ná é a agairt ar Ailill is ar Mhéabh.'

'Ní thabharfadsa an tarbh uaim don chor seo, a Mhic Roth.'

D'IMIGH na heachlaigh agus nuair a shroicheadar Ráth Cruachan Chonnacht, d'fhiafraigh Méabh scéala díobh. D'inis Mac Roth an scéala, nár thugadar a tharbh leo ó Dháire.

'Cad chuige sin?' arsa Méabh.

D'inis Mac Roth an ní ba chúis leis.

'Ná déantar féith thar fadhb de,* a Mhic Roth, óir bhí a fhios,' arsa Méabh, 'mura dtabharfaí an tarbh dá dheoin go dtógfaí dá ainneoin é. Agus tógfar.'

*Ní gá plána mín a dhéanamh de.

CUID 1

Tosach na Tána

TIONÓLADH slógadh mór le Connachtaigh, is é sin le hAilill is le Méabh, agus cuireadh scéala uathu go dtí na trí chúige eile. D'imigh teachtaí ó Ailill go mic Mhách. Cé is moite d'Ailill féin, bhí Anluan mac Mách ann, Mac Corb, Cead, Éan, Bascall agus Dócha mac Mách, agus le gach aon duine díobh sin bhí tríocha céad fear faoi arm. D'imigh teachta eile uathu go Cormac Conn Loingeas mac Conchúir agus go dtí na tríocha céad fear a bhí ar coinmheadh aige i gConnachta. Thángadar sin uile go Cruachain Aoi.

An chéad bhuíon a tháinig, bhí gruaig bhearrtha orthu agus brait uaine faoi dheilgne airgid. Lena gcneas, léinte órshnátha agus iad inleagtha le deargór; lena gcoim, claimhte gealdoirne faoi dhornchlaí airgid.

'An é siúd Cormac?' arsa cách.

'Ní hé,' arsa Méabh.

Nuabhearrtha don dara buíon. Brait uaine orthu uile, agus léinte gléigeala; claimhte acu faoi mhaoldoirne óir is dornchlaí airgid.

'An é siúd Cormac?' arsa cách.

'Ní hé fós,' arsa Méabh.

Bearradh leathan ar an mbuíon dheireanach, agus moingeanna fionnbhuí órga droimníneacha. Brait chorcra chiumhsacha orthu, deilgne órga inleagtha ar a n-ucht, agus léinte fada bogshíoda go trácht na coise orthu. Thógaidís a gcosa in éineacht agus leagaidís síos arís iad.

'An é siúd Cormac?' arsa cách.

'Is é, go deimhin,' arsa Méabh.

Ghabhadar dún is longfort an oíche sin ionas gur dhlús deataigh is tine a bhí idir ceithre átha Aoi — Áth Mogha, Áth Bearcna, Áth Slisean agus Áth Coltna — agus níor cheadaigh a gcuid fáithe is draoithe as sin iad go ceann coicíse chun go mba shéanmhaire dóibh a dturas is a slógadh.

AN LÁ ar imíodar, dúirt Méabh lena hara a heacha a ghabháil di go rachadh sí chuig a draoi. Tháinig sí mar a raibh an draoi gur iarr fios is fáistine air. 'An dream,' ar sí, 'a scarann le compánaigh is le cairde inniu, le críoch is le fearann, le hathair is le máthair, mura bhfillfidh siad uile ina sláinte, is ormsa a thitfidh a gcuid osnaí is mallacht. Mar sin féin, ní théann amach ná ní fhanann abhus aon duine is mó liom ná sinn féin, agus inis dom cé acu a thiocfaimid ar ais nó nach dtiocfaidh.'

Is é a dúirt an draoi: 'Cibé duine a thiocfaidh nó nach dtiocfaidh, tiocfair féin.'

Bhí Méabh ar tí filleadh ansin nó gur labhair a hara léi. 'Fan,' ar sé, 'go n-iompód an carbad deiseal ionas go dtabharfaidh neart an tséin ar ais sinn.'

Thug an t-ara an carbad thart agus bhíodar ar tí teacht anuas aisti nuair a chonaic Méabh ní ab iontas léi, carbad is dhá each dhubha chuici agus ógbhean aonair ar laí an charbaid. Brat breacuaine uirthi agus dealg óir ann, léine chlupaideach dhearg-inleagtha, dhá bhróg agus ceangail óir orthu. Aghaidh fhada bharrleathan uirthi, malaí dubha, agus fabhraí dorcha a chaith scáil ar a grua. Ba chosúil le nuaphratainn a beola agus ba chosúil le péarlaí idir a beola a cuid fiacla. Trí thrilseán uirthi, dhá thrilseán in airde ar a ceann, trilseán eile anuas lena colpaí. Is amhlaidh a bhí an ógbhean agus í ag fí ciumhaise, agus slat fíodóra ina deasláimh.

'Cén t-ainm atá ort?' arsa Méabh leis an ógbhean.

'Feadhealm Banfhile Chonnacht m'ainmse.'

'Cé as a dtángais?'

'As Albain, áit a rabhas ag foghlaim filíochta.'

'An bhfuil iomas forasna* agat?'

'Tá, go deimhin,' arsa an ógbhean.

'Féach domsa, mar sin, agus inis dom cé mar a bheidh an slógadh seo.'

D'fhéach an ógbhean agus dúirt Méabh, 'A Fheidhealm Banfháidh, cé mar a fheicir ár slua?'

'Feicim fordhearg iad, feicimse rua.'

'Ní fíor sin, go deimhin. Tá Conchúr ina cheas naíon† in Eamhain, mar atá na hóglaigh is fearr de chuid na nUltach. Tháinig mo chuid teachtairí lena scéala chugam, mar sin ní heagal linn ní ar bith ó Ultaigh. A Fheidhealm Banfháidh, cé mar a fheicir ár slua?'

'Feicim fordhearg iad, feicimse rua.'

'Ní fíor sin,' arsa Méabh. 'Tá Cealtchair mac Uitheachair agus trian de na hUltaigh i nDún Dá Leathghlais, agus tá Fearghas mac Róich mhic Eachach ar deoraíocht anseo lena thríocha céad, mar sin ní heagal linne ní ar bith ó Ultaigh. Ach abairse an fhírinne, a Fheidhealm Banfháidh, cé mar a fheicir ár slua?'

'Feicim fordhearg iad, feicimse rua.'

'Ní dhéanaim róbhrí dá ndeir tú,' arsa Méabh, 'mar bíonn imfheargú is imreas i ngach mórchruinniú sluaite agus, nuair a thiocfaidh Fir Éireann le chéile in aon dún amháin, beidh aighneas is iomarbhá eatarthu faoi ghluaiseacht ar tosach nó ar deireadh, faoi ghabháil átha nó abhann, faoi chéadghoin muice nó fia. Mar sin, féach arís dúinn agus inis an fhírinne dom. A Fheidhealm Banfháidh, cé mar a fheicir ár slua?'

---

*Iomas forasna (imbas forosna): bua fáistine.

†An ceas naíon: tinneas a thagadh ar Ultaigh le linn géarchéime agus a d'fhágadh gan neart mná seoil iad; ní thagadh sé ar Chú Chulainn ná ar a athair, Sualdamh.

'Feicim fordhearg iad, feicimse rua.'

Agus thosaigh sí ar thairngreacht is réamhfháistine Chú Chulainn d'Fhir Éireann go ndearna an laoi:

Chímse fear a fhearfaidh cleas,
líon mór créachtaí ar a chneas,
lonn láith ar a bhaithis mhín,
aonach buanna barr a chinn.

Tá seacht ngeama ón onchú
i mac imrisc an dá shúl,
a dhrad go confach nochta
is léine air go colpa.

Tá a ghnúis go hálainn grách,
is údar sásaimh é do mhná.
Duine óg is álainn dath,
i ndeilbh draige, beidh sa chath.

Cosúil ionnas a ghaile
le Cú Chulainn Mhuirtheimhne,
ní fios domsa cé hé Cú
Chulainn seo is caoine clú,
ach is fios domsa, go dearbh,
beidh an slua aige fordhearg.

Chímse fear ar an má seo
a thugann treas don slua seo.
Ceithre chlaímhín na gcleas án
tá i gceachtar a dhá lámh.

An Ga Bolga ina dhorn,
mar aon le sleá is déadcholg,
tig leis a n-imirt ar shlua,
le gach arm tá gníomh is dual.

An fear i bhfochras an bhrait dheirg,
cuireann a chos ar gach leirg.
Teilgeann thar an bhfonsa clé,
dhá shleá ghlé an Riastartha.
An cruth is dearbh dom anseo,
chímse claochlú ar a ghné.

Gabhann tosach an chatha —
seachain, nó beidh 'na bhascadh.
Is dóigh liom, an té 'thiocfaidh,
sin Cú Chulainn mac Sualdaimh.

Sladfar bhur sluaite slána,
déanfar oraibh tiubh-ára,
fágfar ógáin gan a gceann,
ní cheileann Banfháidh Feidhealm.

Silfidh cró as dearglaochra,
is fada 'bheidh cianchuimhne:
coirp cearbtha, mná á gcaoineadh,
le Cú na Ceárta, chímse.

An Luan tar éis na Samhna a d'imíodar. Soir ó dheas as Cruachain Aoi leo:

thar Mhaigh Cruinn, thar Thuaim Mhóna, thar Thurloch na dTrí Chríoch, thar Chúil Sílinne, thar Dhúfhiodh, thar Bhadhbhna, thar Choltain, thar Shionainn, thar Ghlúine Gabhar, thar Mhaigh Threá, thar Theafa an Tuaiscirt, thar Theafa an Deiscirt, thar Chúil, thar Ochain, thar Uada ó Thuaidh, thar Thiartheachta soir, thar Ord, thar Shlais, thar Inneoin, thar Charn, thar Mhí, thar Ortach, thar Fhionnghlais Asail, thar Dhroing, thar Dheilt, thar Dhealainn, thar Shealaigh, thar Shleachta a glanadh le claimhte roimh Mhéabh is Ailill, thar Chatha, thar Chroma, thar Throma, thar Fhód Droma, thar Shláine, thar Dhroim Leice, thar Áth

Gabhla, thar Ardachadh, thar Fheorainn, thar Fhionnúir, thar Aise, thar Airne, thar Arthaille, thar Dhroim Salainn, thar Dhroim Caoin, thar Dhroim Caoimhtheachta, thar Dhroim mac nDea, thar Eodhonn Beag, thar Eodhonn Mór, thar Dhall Scine, thar Bhall Scine, thar Ros Mór, thar Scuaib, thar Thimscuaib, thar Cheann Fearna, thar Fhiodh Mór i gCrannach Chuailnge, thar Dhroim Caoin i Slí Mhíluachra.

Sin iad na háiteanna ar ghabhadar tharstu ar a mbealach go Fionnúir i gCuailnge, agus ó Fhionnúir leath an slua amach faoin gcúige ar thóir an tairbh.

D'IMIGH na sluaite turas an chéad lae as Cruachain gur chaitheadar an oíche sin i gCúil Sílinne. Dúirt Méabh lena hara a naoi gcarbad a inleadh go dtabharfadh sí cuairt timpeall an dúin chun go mb'eol di iad siúd ba leasc leo agus iad siúd ba mhian leo teacht ar an slógadh.

Suíodh a phuball d'Ailill agus cuireadh a threalamh tí ann, idir chuilteanna is phluideanna. Shuigh Fearghas mac Róich ar a dheasláimh, Cormac Conn Loingeas láimh leis-sean, agus láimh le Cormac bhí Fiacha mac Fir Fheibhe, mac iníne Chonchúir. Ba ar láimh chlé Ailealla a shuíodh Méabh, agus Fionnúir iníon Ailealla is Mhéibhe láimh léi-se, gan trácht ar ghiollaí is freastalaithe.

Ba í Méabh ba dheireanaí ann an lá sin. Scoireadh a heacha agus, nuair a ligeadh síos a carbad, shuigh sí láimh le hAilill agus d'fhiafraigh Ailill scéala di, 'Cé hiad ar mian nó ar leasc leo an slógadh?'

'Is leasc le cách imeacht ach le haon bhuíon amháin,' arsa Méabh, 'is iad sin tríocha céad na nGaileon. Ach is beag is fiú do chách dul ar an slógadh má théann na Gaileoin ann.'

'Cén fáth a ndéanann tú beag díobh?' arsa Ailill.

'Ní dhéanaim beag díobh,' arsa Méabh. 'Nuair a bhí cách ag déanamh a mboth, bhí a mbotha tógtha acusan agus bia á ullmhú acu. Nuair a bhí cách ag ithe a bproinne, bhí a gcuid ite acusan agus

a gcruitirí ag seinm dóibh. Faoi mar a sháraigh a ndaoir is a mogha daoir is mogha Fhir Éireann, sáróidh a ndea-laochra is a ndea-óglaigh dea-laochra is dea-óglaigh Fhir Éireann ar an slógadh.'

'Is fearrde dúinne sin,' arsa Ailill, 'óir is linne a ghabhaid agus is dúinne a throidid.'

'Ní linne a ghabhaid agus ní dúinne a throidfidh siad,' arsa Méabh.

'Fanaidís, mar sin,' arsa Ailill.

'Go deimhin, ní fhanfaidh,' arsa Méabh. 'Tiocfaidh siad orainn ar theacht ar ais dúinn, agus bainfidh siad an tír dínn.'

'Ceist, cad is déanta leo, mar sin,' arsa Fionnúir, 'mura maith leat a dteacht ná a bhfanacht?'

'A marú,' arsa Méabh.

'Mairg an té a déarfadh sin,' arsa Ailill, 'de bharr dún is longfort a dhéanamh go hullamh is go héasca.'

'Ní maith an chaint í,' arsa Fearghas os íseal. 'Is aos cairdis dúinne Ultaigh iad, agus ní mharófar iad mura marófar sinn uile.'

'Tharlódh sin,' arsa Méabh, 'óir tá agamsa anseo ar mo shainteaghlach dhá thríocha céad,' ar sí, 'agus tá na seacht Maine agam — is é sin mo sheachtar mac lena seacht dtríocha céad, agus coinneoidh a séan slán iad. Is iad sin Maine Máithriúil, Maine Aithriúil, Maine Mionghor, Maine Mórghor, Maine Milscothach, Maine Andó agus Maine Marchondagaibhuile — é siúd a thug cruth a mháthar is a athar leis, agus ardchéim na beirte.'

'Ní mar sin a bheidh,' arsa Fearghas. 'Tá anseo seacht rí ón Mumhain, cairde dúinne Ultaigh, agus tríocha céad le gach aon duine acu. Thabharfainnse cath duit i lár an dúin a bhfuilimid anois leis na seacht dtríocha céad sin agus mo thríocha céad féin agus tríocha céad na nGaileon. Ach, ní hamhlaidh is cóir a dhéanamh,' ar sé. 'Seacht dtríocha céad déag ár líon anseo, gan ár ndaoscarshlua is ár macaoimh is ár mná a áireamh. Is iad na Gaileoin an t-ochtú tríocha céad déag. Roinntear tríocha céad úd na nGaileon i measc Fhir Éireann ionas nach mbeidh cúigear acu in aon láthair le chéile.'

'Is cuma liomsa,' arsa Méabh, 'cén t-eagar ina mbeidh siad, ach nach mbeidh siad sa chóir chomhraic ina bhfuilid anois.'

Is ansin a dhíscaoil Fearghas an tríocha céad sin faoi Fhir Éireann ionas nach raibh cúigear díobh in aon láthair.

Lá arna mhárach, thángadar aniar go Móin Choltna agus tharla ocht bhfichid os fiáine dóibh. Leath na sluaite ina dtimpeall ionas nach raibh deis éalaithe ag na hois, agus mharaíodar iad ar fad. Gach áit a raibh fear de na Gaileoin, is é a mharaigh an t-os agus cé go raibh tríocha céad na nGaileon díscaoilte i measc na sluaite, ba é cuid Fhir Éireann den tseilg cúig fhia amháin. Rug tríocha céad na nGaileon leo an chuid eile de na hocht bhfichid os.

D'imigh na sluaite ansin i gcionn bóthair is bealaigh. I Maigh Threá dóibh, scoireadar dá ngluaiseacht gur ullmhaíodar bia. Labhair Dufach Daol Uladh as a chodladh agus dúirt go dtiocfadh taoiseach catha ar thóir bhólacht Mhuirtheimhne agus go n-ólfadh an fiach fuil na bhfear:

Fearfar cath anseo go luath
ar Mhéabh is ar thrian an tslua;
sínfear colainní daoine
le teacht an Riastartha.[*]

Thug an Neamhain[†] fogha futhu ansin, is é sin an Bhadhbh, agus níorbh í sin an oíche ba sháimhe dóibh le búiríl an aithigh sin Dufach trína chodladh. D'éirigh an slua agus scanraíodh chomh mór sin iad gurbh éigean do Mhéabh teacht agus iad a chosc.

IAR dTABHAIRT an tslua ar seachrán trí ghreallach is trí shruthán, chaitheadar an oíche i nGránard i dtuaisceart Theafa agus, tharla bá ghaoil aige leo, chuir Fearghas rabhadh chuig na hUltaigh.

*Bhí de cháil ar Chú Chulainn go dtagadh riastradh air.
†Ainmneacha éagsúla ar an neach céanna iad an Neamhain, an Bhadhbh, Bé Néid, agus an Mhór-Ríon.

Bhí na hUltaigh fós ina gceas naíon, cé is moite de Chú Chulainn mac Sualdaimh agus Sualdamh Sítheach, a athair, agus tar éis dóibh rabhadh a fháil ó Fhearghas, chuaigh Cú Chulainn is a athair go hIoraird Chuilinn chun faire a dhéanamh, agus chuireadar a gcuid each ag iníor ag an gcoirthe in Ioraird Chuilinn — nó Crosa Caoil mar atá anois air.

'Maith, a phopa, a Shualdaimh,' arsa Cú Chulainn, 'tá géarmheanma an tslua orm agus taibhsítear dom go dtiocfaidh siad anseo anocht. Éirighse dúinn le rabhadh d'Ultaigh ionas nach mbeidís ar mhánna réidhe ach go rachaidís i gcoillte is i bhfásaigh is i bhfánghleannta an chúige ar sheachaint Fhir Éireann.'

'Agus tusa, a dhalta bhig, cad a dhéanfairse?'

'Ní foláir domsa dul ó dheas go Teamhair, go Feidhealm Naoichruthach go maidin,' arsa Cú Chulainn, óir bhí cumhal de chuid Fheidheilme ina leannán rúin aige.

'Is mairg a théann mar sin ar bandáil,' arsa Sualdamh, 'agus Ultaigh a fhágáil faoi chosa a namhad.'

D'imigh Sualdamh le rabhadh d'Ultaigh.

Chuaigh Cú Chulainn faoin gcoill gur ghearr, ar leathchois dó, buinne darach bun barr d'aon bhéim amháin, gur shníomh lena leathláimh is lena leathshúil é, gur lúb i bhfáinne é agus go ndearna gad urchaill de. Chuir sé scríbhinn i gcorr an ghaid agus chaith an gad thar uachtar an choirthe. Bhrúigh sé anuas é go ramhar na cloiche. D'imigh ina dhiaidh sin ar a bhandáil.

MAIDIR le Fir Éireann, nuair a ghluaiseadar, ba dheacair riar an tslua ollmhóir sin. Ghlacadar comhairle gur pléadh leo cé mar ba chóir dul ar an slógadh agus chinneadar gurbh amhlaidh ba chóir a imeacht, gach drong a ghabháil lena rí, gach réim lena ruire, gach buíon lena dtaoiseach, agus gach rí is gach rídhamhna d'Fhir Éireann ina thulach féin faoi leith. Phléadar freisin cé hé ba chóir a chur ag iarraidh eolais rompu idir an dá chúige, agus dúradh gurbh

é Fearghas a dhéanfadh sin mar gurbh eisean an té úd a chaith seacht mbliana i ríochas Uladh agus, tar éis mharú mhic Uisnigh thar a choimirce,* a d'imigh ar deoraíocht as an gcúige sin le naimhdeas d'Ultaigh. Is ar an gcúis sin a dúradh gur dósan ba chóir dul roimh chách ag iarraidh eolais.

Is é Fearghas, más ea, a chuaigh roimh chách ag iarraidh eolais dóibh. Tháinig bá ghaoil le hUltaigh air. Chuir eachlaigh uaidh le rabhadh d'Ultaigh agus thug cor iomraill ó thuaidh is ó dheas gur ghabh ag toirmeasc is ag moilliú an tslua. Ar a thabhairt sin faoi deara do Mhéabh, thug sí fogha aithise faoi gur chan an laoi:

A Fhearghais, cad a dhéanaimid?
Cén chonair seo a ghabhaimid?
Guairdeall ó dheas is ó thuaidh,
ár dtabhairt thar 'chuile thuath.

Tá móreagla a mbratha
ar Ailill 's a líon catha.
Ní rabhamar i do mheanmna
i dtreorú na conaire.

Éagóir duit aimhleas ár slóigh,
a Fhearghais mhic Rosa Róich.
Is mór an mhaith a fuarais
ar do loingeas, a Fhearghais.

D'fhreagair Fearghas:

A Mhéabh, cén fáth do mheadhairse?
Ní cosúil le brath é seo.
Le hUltaigh, nach eol duit,
an tír seo a ghabhaimid.

Ní chun aimhleasa an tslua
a thugas guairdeall thar tuatha,
ach do sheachaint contúirte
ó chaomhnóir Muirtheimhne.

'Ní bheadsa roimh na sluaite níos mó,' arsa Fearghas, 'ach loirgse duine eile le dul rompu.'

Ach, dá bhuíochas, d'fhan Fearghas roimh na sluaite.

*Oidhe Chlainne hUisnigh

AS SIN don slua go hIoraird Chuilinn. Ba iad Earr is Ionnall, beirt mhac Neara mhic Nuadair mhic Tacáin — reachtaire na Cruachan — a bhí i dtosach an tslua. Fraoch is Fochnamh a n-araí. Ba iad i gcónaí a bhíodh i dtosach gach dúin is gach slua, gach átha is gach abhann is gach bearna. Is chuige a dhéanaidís sin, chun nach dtiocfadh smál ar a ndealga ná ar a mbrait i mbrú mór an tslua. Thángadar go dtí an coirthe in Ioraird Chuilinn agus thosaíodar ag breathnú an chúige aineoil uathu, Cúige Uladh. Chonaiceadar an iníor a bhí déanta ag na heacha agus an gad barbartha a d'fhág an rílaoch ar an gcoirthe. Bhí an féar lomtha go talamh ag eacha Shualdaimh ó thuaidh den choirthe. Ó dheas den choirthe, lom eacha Chú Chulainn an féar go húir agus go leaca loma. D'fhanadar ansin gur tháinig maithe Éireann go dtí an coirthe agus go ndeachaigh an t-aos ceoil ag seinm dóibh. Thugadar an gad d'Ailill ansin agus thug seisean i láimh Fhearghasa é. Léigh Fearghas an oghamchraobh.

Ar theacht i láthair do Mhéabh, d'fhiafraigh sí, 'Cén fáth a bhfanaimid anseo?'

'Fanaimid,' arsa Fearghas, 'mar gheall ar an ngad seo. Tá scríbhinn ina chor agus is éard atá scríofa ann: Ná téadh aon duine thairis seo go ndéana fear díbh a mhacasamhail ar aonchois, ar aonsúil, ar aonláimh.

'Le fírinne,' ar sé, 'is é Cú Chulainn a rinne seo, agus is iad a eacha a lom an má seo.'

Leag sé an gad i láimh an draoi go ndearna an laoi:

An iodh seo, cad 'insíonn dúinn?
An iodh seo, cad é a rún?
Cén líon a leag anseo í,
aon duine amháin nó sochaí?

An mbeidh urchóid ann, dar libh,
má ghluaiseann sibh chun cinn?
A dhraoithe ána, fionnaigí,
cén fáth a ndearnadh an iodh?

D'fhreagair an draoi:

Curadh a ghearr is a sháigh í
le dochar roimh eascairde,
le cosc ar rí is ar dháil,
go gcuirfidh aon fhear dá láimh.

Má théann sibh thairsti anocht,
gan fanacht in bhur longfort,
tiocfaidh cú a chiorraíos mórshlua.
Is táir daoibhse a sárú.
Dá réir, fanfaidh slua an rí
mura gcoilltear leo an fíor,
go dtiocfaidh an t-aon fhear áin
a dhéanfaidh amhail sin dá láimh,
Ní fios dom ach gurb é sin
an fáth a ndearnadh an iodh.

'Má sháraítear an gad seo,' arsa Fearghas ina dhiaidh sin, 'nó má théann sibh thairis gan oíche dhúin is longfoirt a chaitheamh anseo, nó gan a mhacasamhail sin a dhéanamh ar aonchois, ar aonsúil, is ar aonláimh, mar a rinne seisean, bíodh gur faoi thalamh nó faoi ghlas i dteach a bheadh sé, imreoidh sé bás is fuiliú oraibh roimh mhaidin.'

'Ní hé ab áil linne, go deimhin,' arsa Méabh, 'go ndéanfaí fuiliú nó fordheargadh orainn ar theacht dúinn sa chúige aineoil seo, Cúige Uladh. B'fhearr linn fuiliú is fordheargadh ar dhuine éigin eile.'

'Ní shárófar an gad seo ar chor ar bith,' arsa Ailill, 'ná ní shárófar an rílaoch a rinne, ach téimis i muinín na coille móire seo ó dheas go maidin agus tógtar longfort ann dúinn.'

D'imigh na sluaite roimh na carbaid agus leagadar an choill lena gclaimhte. A iarmhairt sin gur Sleachta is ainm don áit sin fós mar a bhfuil Partraí Beaga taobh le Cúil Sibhrille siar ó dheas ó Cheannanas na Rí.

Thit sneachta trom orthu ionas gur shroich formnaí na bhfear agus sleasa na n-each agus fearsaidí na gcarbad, agus gurbh aon chlár cothrom cúigí Éireann uile de bharr an tsneachta sin. Níor suíodh botha ná pubaill an oíche sin, ní dhearnadh bia ná deoch a ullmhú ná níor caitheadh proinn ná béile, agus níorbh fheasach d'aon duine d'Fhir Éireann cé acu cara nó namhaid ba ghaire dó go tráth éirí solais arna mhárach. Is cinnte nach bhfuair Fir Éireann oíche dhúin ná longfoirt ba mhó dua ná dochar dóibh ná an oíche sin i gCúil Sibhrille. Tháinig sluaite cheithre mhórchúige Éireann go moch arna mhárach le héirí gréine thar loinnir an tsneachta agus d'imíodar rompu as an gcríoch sin.

MAIDIR le Cú Chulainn, ní mochéirí a rinne an lá sin ar chor ar bith. Chaith sé tráth is béile, nigh sé is d'fholcaigh sé, agus dúirt lena ara an t-eachra a ghabháil agus an carbad a inleadh go ndeachaigh ina charbad ar lorg an tslua. Thángadar ar lorg Fhir Éireann ó chríoch amháin go críoch eile.

'Faraor, a phopa, a Lao,' arsa Cú Chulainn, 'go ndeachamar inár mbandáil aréir óir is é is lú is cóir d'fhear faire teorann béic nó liú nó forógra a thabhairt, nó a insint cé a ghabhann an bealach, agus níor éirigh linn sin a dhéanamh. Chuaigh Fir Éireann tharainn i gcríoch Uladh.'

'Thugas foláireamh duit, a Chú Chulainn,' arsa Lao, 'dá rachfá ar do bhandáil gurb é a mhacasamhail d'aiféala a thiocfadh ort.'

'Imigh, a Lao, agus téigh ar lorg an tslua dúinn, go dtuga tú do mheas orthu, agus inis dúinn cén líon d'Fhir Éireann a chuaigh tharainn.'

Tháinig Lao ar lorg an tslua gur lean a lorg agus go ndeachaigh ar leataobh an loirg agus go ndeachaigh ar a gcúl.

'Tá mearbhall áirimh ort, a phopa, a Lao,' arsa Cú Chulainn.

'Tá, sin,' arsa Lao.

'Tar sa charbad, más ea, agus tabharfadsa mo mheas orthu.'

Tháinig an t-ara sa charbad. Chuaigh Cú Chulainn ar lorg an tslua, tháinig sé ar a leataobh agus ina ndiaidh gur thug a mheas orthu.

'Tá mearbhall áirimh ort, a Chúchóg,' arsa Lao.

'Níl,' arsa Cú Chulainn. 'Is fusa sin domsa ná duitse ós agam atá na trí bhua sin — bua amhairc, bua intleachta agus bua áirimh — agus is eol domsa líon na sluaite a chuaigh tharainn, is é sin ocht dtríocha céad déag, agus an t-ochtú tríocha céad déag á dhíscaoileadh i measc Fhir Éireann.

'Maith, a phopa, a Lao,' ar sé, 'innill an carbad agus sáigh brod san eachra. Tiomáin an carbad dúinn agus tabhair do chlár clé* leis na sluaite agus féach an dtiocfaimis ar thosach nó ar dheireadh nó ar lár na sluaite óir ní bhead beo mura dtite cara nó namhaid d'Fhir Éireann liom anocht.'

Sháigh an t-ara an brod san eachra. Thug sé clár clé an charbaid leis na sluaite gur shroich Turlach Coille Móire lastuaidh de Chnóbha na Rí dá ngairtear Áth Gabhla ó shin. Chuaigh Cú Chulainn sa choill ansin gur thuirling sé den charbad agus gur ghearr gabhal ceithre bheann bun barr d'aon bhéim. Bhioraigh sé agus ghualaigh sé é, chuir scríbhinn ina thaobh agus chaith rúid urchair de as cúl

*Ba i gcomhartha naimhdis a d'iompaítí clár clé an charbaid leis an slua.

an charbaid le neart a aonláimhe ionas go ndeachaigh dhá dtrian de i dtalamh agus nach raibh ag gobadh aníos ach a thrian.

Leis sin, tháinig an dá chairbtheach chéanna úd ar an gCú agus é ar an obair sin, beirt mhac Neara mhic Nuadair mhic Tacáin, agus b'ábhar iomaíochta dóibh cé acu a mharódh é agus a bhainfeadh a cheann de. D'iompaigh Cú Chulainn orthu, bhain a gcloigne díobh féin is dá n-araí gur chuir ceann gach fir acu ar cheithre bheanna an ghabhail. Scaoil sé eacha na buíne in aghaidh Fhir Éireann ar ais sa tslí chéanna ansin, a n-iallacha ar sileadh agus coirp fhordhearga na gcuradh ag stealladh fola anuas ar chreata na gcarbad óir níor chuí ná níor mhaise leisean eachra ná éadach ná airm a bhaint de na fir ba ghnás leis a mharú.

CHONAIC na sluaite eachra na buíne a bhí imithe rompu agus na coirp in éagmais a gceann agus cabhlacha na gcuradh ag sileadh a bhfola síos ar chreatlach na gcarbad. D'fhan tosach an tslua lena dheireadh gur cuireadh in éidreoir agus in armchrith iad uile.

Tháinig Méabh i láthair. Is amhlaidh a ghluaiseadh Méabh agus naoi gcarbad fúithi féin amháin, dhá charbad díobh roimpi, dhá charbad ina diaidh, dhá charbad ar gach taobh agus a carbad féin i lár baill eatarthu. Ba ghnás léi sin ionas nach sroichfeadh aon scraith ó chrúba each í, ná cúr ó bhéalbhacha, ná deannach mórbhuíne, agus nach dtiocfadh teimhliú ar mhionn óir na ríona.

'Cad é seo?' arsa Méabh.

'Ní hansa,' arsa cách. 'Eacha na buíne a bhí romhainn amach agus a gcoirp ina gcarbaid in éagmais a gceann.'

Rinneadar a gcomhairle le chéile agus ba dheimhin leo gur chomhartha é sin ar theacht mórshlua, agus gurbh iad na hUltaigh a bhí tagtha chucu. Ba é an chomhairle ar ar chinneadar, Cormac Conn Loingeas mac Conchúir a ligean uathu go bhfeicidís cé a bhí ar an áth óir dá mba Ultaigh sin, ní mharóidís mac a rí dhílis féin.

Tháinig Cormac Conn Loingeas go bhfeiceadh sé cé a bhí san

áth, agus ba é líon a tháinig leis tríocha céad fear faoi arm. Nuair a shroich sé an áit, ní fhaca ach an gabhal i lár an átha agus na ceithre chloigeann ag sileadh a bhfola síos le cois an ghabhail agus le sruth na habhann. Soir amach as an áth, bhí lorg an dá each, rian an aon charbaid, lorg an aon laoich.

Tháinig maithe Éireann ansin go háth gur thosaíodar uile ag breathnú an ghabhail. Cúis uafáis is iontais leo an té a rinne an t-ár.

'An dár muintir na cloigne sin?' arsa Méabh.

'Is ea, go deimhin, agus de scoth na muintire,' arsa Ailill.

Léigh fear díobh an oghamchraobh, 'Aonfhear amháin a sháigh an gabhal seo d'aonláimh agus, cé is moite d'Fhearghas, ní thriallfar thairis mura dtóga aonfhear agaibh d'aonláimh é.'

'Is uafás agus is iontas liomsa, a Fhearghais,' arsa Ailill, 'an té a mharódh a thúisce sin an ceathrar a bhí romhainn.'

'Ba chóra uafás is iontas faoin té a theasc an gabhal úd, bun barr d'aon bhéim, a bhioraigh agus a ghualaigh, agus a theilg a fhad sin é d'urchar ó chúl a charbaid, le neart leathláimhe, go ndeachaigh dhá dtrian de i dtalamh agus nach bhfuil ag gobadh aníos ach a thrian. Is geis d'Fhir Éireann dul thar lár an átha seo nó go mbaine duine díobh anuas é le neart a aonláimhe faoi mar a theilg sé siúd ó chianaibh é.'

'Is dár muintir thusa, a Fhearghais,' arsa Méabh, 'agus tabhair as an éigean seo sinn.'

'Tugtar carbad chugam, más ea,' arsa Fearghas, 'agus tógfaidh mé an gabhal aníos go bhfeicfimid an d'aon bhéim amháin a baineadh é.'

Tugadh carbad d'Fhearghas agus thug sé iarracht faoin ngabhal go ndearnadh smionagar den charbad.

'Carbad eile chugam!' arsa Fearghas.

Tugadh carbad eile chuige gur thug iarracht eile faoin ngabhal agus go ndearnadh smionagar den charbad sin.

'Carbad eile arís chugam,' arsa Fearghas.

Thug Fearghas a neart faoin ngabhal arís go ndearna, ar

deireadh, smionagar den tríú carbad. A fhearacht céanna ag seacht gcinn déag de charbaid Chonnacht, rinne Fearghas mionbhruscar is sligreach díobh uile ach níor fhéad sé an gabhal a bhaint as lár an átha.

'Muise, leag as, a Fhearghais,' arsa Méabh, 'agus ná bris níos mó de charbaid ár muintire orainn óir murach tusa a bheith ar an slógadh don chor seo, bheadh na hUltaigh sroichte againn agus braighdeanaigh is táinte bó againn faoin tráth seo. Is eol dúinn gur chun an slua a mhoilliú is a thoirmeasc a dhéanann tú sin, ionas go n-éireodh Ultaigh as a gceas chun cath a thabhairt dúinn, Cath na Tána.'

'Tugtar carbad chugam láithreach,' arsa Fearghas.

Tugadh a charbad féin d'Fhearghas gur bhain feaca as an ngabhal agus níor scréach roth ná fonsa ná fearsaid d'fhearsaidí an charbaid. Níor mhó an churatacht lenar sádh síos é ná calmacht is curatacht an té a tharraing aníos é. Tharraing sé aníos le neart a aonláimhe go hairde a ghualainne é gur thug an gabhal i láimh Ailealla.

Scrúdaigh Ailill é. 'Is móide foirfe an ghabhail liomsa,' ar sé, 'a fheiceáil dom gur d'aon teascadh amháin, bun barr, a baineadh é.'

'Is móide, go deimhin,' arsa Fearghas. 'Déanaimis bia is leann a ullmhú, canaimis ceol is oirfide agus déanaimis proinn is tomhaltas, óir ní dócha go bhfuair Fir Éireann riamh oíche dhúin ná longfoirt ba mhó dua ná dochar dóibh ná an oíche aréir.'

Sádh a sosta agus suíodh a bpubaill agus rinneadh bia is deoch a ullmhú. Chanadar ceol is oirfide agus rinneadar proinn is tomhaltas.

Arsa Ailill le Fearghas: 'Is iontas agus is alltacht linn an té a thiocfadh chugainn go himeall críche agus a mharódh a thúisce sin an ceathar a bhí romhainn. An dócha gurbh é Conchúr mac Fachtna Fáthaigh Ardrí Uladh a bhí ann?'

'Ní dócha, ar chor ar bith,' arsa Fearghas. 'Ní thiocfadh seisean go himeall críche gan líon catha ina chuideachta.'

'An dóigh leat gurbh é Cuscraidh Meann Macha mac Conchúir ó Inis Cuscraidh é?'

'Ní dóigh liom é,' arsa Fearghas. 'Ní thiocfadh seisean go himeall críche gan líon catha ina chuideachta.'

'An dócha gurb é Cealtchair mac Uitheachair é?'

'Ní dócha, ar chor ar bith. Ní thiocfadh seisean go himeall críche gan líon catha ina chuideachta.'

'An é Eoghan mac Durthachta Rí Fhearnaí a bhí ann?'

'Go deimhin, ní hé, óir ní thiocfadh seisean sa choigríoch gan fir Fhearnaí ina chuideachta agus tríocha carbad catha.'

'Ceist, mar sin, cé a thiocfadh chugainn?'

'Ní fios, mura dtiocfadh an giolla beag, mo dhaltasa agus dalta Chonchúir, Cú Chulainn na Ceárta. Is é a bhainfeadh crann ón bhfréamh d'aon bhéim, agus a mharódh ceathrar a thúisce a maraíodh an ceathrar sin, agus a thiocfadh thar teorainn críche lena ara amháin.'

'Ó, go deimhin,' arsa Ailill, 'chualas trácht cheana i gCruachain ar an macaomh sin. Cén aois don mhac beag anois?'

'Ní hansa,' arsa Fearghas. 'Ina chúigiú bliain, chuaigh sé ag imirt in aghaidh an mhacra in Eamhain Mhacha. An séú bliain aige, chuaigh sé ag foghlaim gaisce ó Scáthach*. An seachtú bliain, ghabh sé airm ghaisce. Seacht mbliana déag slán anois dó. Ach ní hé a aois atá i gceist ar chor ar bith,' arsa Fearghas, 'óir b'fhearúil iad gníomhartha an mhic sin nuair b'óige é ná mar atá anois.'

'Cad é seo?' arsa Méabh. 'Nach bhfuil aon Ultach dá chomhaois is dána ná é?'

'Níl fáil ar fhaolchú is fuiltí ná ar laoch is lainne ná ar dhuine dá aois a dhéanfadh a thrian ná a cheathrú de ghaiscí Chú Chulainn,' arsa Fearghas. 'Níl a chómhaith de churadh ann, d'ord béimneach,

*Banghaiscígh a chuireadh oiliúint mhíleata ar óglaigh in Albain ba ea Scáthach, Uathach agus Aoife.

ná de bhásadóir buíonta. Níl bristeoir catha is fiúntaí ann ná Cú Chulainn. Níl a mhacasamhail ann ar a aois, ar a fhás, ar a fhorbairt, ar a áineas, ar a uafaire, ar a urlabhra, ar a chruas, ar a chleasaíocht, ar a chomhrac, ar a airde, ar a iompar, ar a amas, ar a bhriseadh, ar a bhuaireamh, ar a réabadh, ar a dhéine, ar a dhásacht, ar a dhiantroda, ná ar chleas an naonúir ar gach rinn mar atá ag Cú Chulainn.'

'Ná déantar róbhrí de,' arsa Méabh. 'Níl ann ach an t-aon duine amháin. An té a sheachnaíonn gabháil, seachnaíonn sé bás. Ógmhná in-nuachair a áirítear dó agus ní sheasfaidh an siride óg gan féasóg sin i gcoinne aon fhear fásta.'

'Ní ghéillimse dó sin,' arsa Fearghas, 'óir b'fhearúil iad gníomhartha an mhic sin nuair b'óige é ná mar atá anois.'